

Cibir-Eoraip 2022: Athléimneacht na hEarnála Cúraim Sláinte Eorpaí a Thástáil

D'eagraigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl (ENISA) cleachtadh cibearshlándaíla chun an fhreagairt ar ionsaithe ar bhonneagair agus ar sheirbhísí cúraim sláinte an Aontais a thástáil.

Chun a áirithiú go mbeidh muinín ag saoránaigh as na seirbhísí leighis agus as an mbonneagar atá ar fáil dóibh, ba cheart do sheirbhísí sláinte a bheith feidhmiúil i gcónaí. Dá ndéanfaí cibirionsaí ollmhór ar sheirbhísí agus ar bhonneagair shláinte san Eoraip, conas a dhéanfaimis freagairt air agus comhordú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon chun teagmhais a mhaolú agus chun aon ghéarú a chosc?

Sin í an cheist a bhí Cibir-Eoraip 2022 ag iarraidh freagra a thabhairt uirthi ag baint úsáid as cás samhailteach. Ar an gcéad lá, bhí feachtas bréagaisnéise de thorthaí saotharlainne ionramháilte agus cibirionsaí dírithe ar líonraí ospidéal Eorpacha. Ar an dara lá, tháinig géarú ar an gcás. Cibir-ghéarchéim ar fud an Aontais a bhí ann, agus bhí an baol ann go scaoilfí sonraí pearsanta leighis agus feachtas eile a ceapadh chun míchlú a chur ar fheiste sho-ionphlandaithe leighis, ag maíomh go raibh leochaileacht i gceist léi.

Dúirt **Juhan Lepassaar**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl: *"Tá castacht na ndúshlán atá romhainn comhréireach anois le castacht an domhain nasctha seo againne. Sin é an fáth a gcreidim go láidir go gcaithfidimid an fhaisnéis uile atá againn san AE a bhailiú chun ár gcuid saíneolais agus eolais a roinnt. Is é neartú ár n-athléimneachta cibearshlándaíla an t-aon bhealach chun cinn más mian linn ár seirbhísí sláinte agus ár mbonneagair shláinte a chosaint agus, i ndeireadh na dála, sláinte shaoránaigh uile an AE a chosaint."*

Leis an gcleachtas uile-Eorpach a d'eagraigh ENISA, gríosadh 29 tír san iomlán ón Aontas Eorpach agus ó Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), chomh maith le gníomhaireachtaí agus institiúidí an Aontais, ENISA, Foireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire an Choimisiúin Eorpaigh (CERT-EU), Europol agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA). Bhí breis agus 800 saineolaí cibearshlándála i mbun gníomhaíochta chun faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht agus ar shláine na gcóras thar dhá lá den eagrán is déanaí de Chibir-Eoraip.

An féidir linn cibear-athléimneacht chúram sláinte an AE a neartú?

Bhí na rannpháirtithe a ghlac páirteach sa chleachtas casta sásta leis an gcaoi ar déileáladh leis na teagmhais agus leis an bhfreagairt ar ionsaithe samhailteacha.

Anois, ní mór an anailís ar an bpróiseas agus ar thorthaí na ngnéithe éagsúla de na cleachtaí a dhéanamh chun tuiscint réalaíoch a fháil ar bhearnaí nó ar laigí a d'fhéadfadh a bheith ann agus a bhféadfadh gá a bheith le bearta maolaithe ina leith. Chun déileáil leis na hionsaithe sin, tá gá le leibhéil éagsúla inniúlachtaí agus próisis lena n-áirítear malartú faisnéise éifeachtach comhordaithe, eolas a roinnt maidir le teagmhais shonracha agus conas faireachán a dhéanamh ar chás atá ar tí gearú i gcás ionsaí ginearálaithe. Ní mór breathnú ar ról líonra CSIRTanna ar leibhéal an Aontais agus ar phróisis oibríochta chaighdeánacha (SOPanna) an ghrúpa CyCLONE freisin.

Foilseofar an anailís níos doimhne sa tuarascáil iarbhirt. Beidh na torthaí mar bhunús do threoir amach anseo agus d'fheabhsuithe breise chun athléimneacht earnáil an chúraim shláinte i gcoinne cibirionsaithe san AE a atreisiú.

Maidir le cleachtaí Cibir-Eorpacha

Is ionsamhlúcháin iad cleachtaí 'Cibir-Eorpacha' de theagmhais cibearshlándála mhórsála atá ag gearú go cibear-ghéarchéimeanna uile-Aontais. Leis na cleachtaí, tugtar deiseanna chun anailís a dhéanamh ar ardtheagmhais cibearshlándála, agus chun déileáil le leanúnachas gnó casta agus cásanna bainistithe géarchéime.

D'eagraigh ENISA cúig chibearchleachtadh uile-Eorpacha cheana féin in 2010, in 2012, in 2014, in 2016 agus in 2018. Bíonn an t-imeacht ar siúl gach dhá bhliain de ghnáth ach cuireadh eagrán 2020 ar ceal mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Is gné dhílis den chluiche an comhar idirnáisiúnta idir na heagraíochtaí rannpháirteacha uile, agus tá formhór na dtíortha Eorpacha rannpháirteach ann. Ó anailísí amháin chuig eagraíocht iomlán, le cásanna roghnacha agus cásanna rogha an diúltaithe – eispéireas foghlamtha solúbtha atá ann ar féidir le rannchuidithe é a chur in oiriúint dá riachtanais.

Tuilleadh eolais

[Cibir-Eoraip 2022](#)

[Cibirchleachtaí – topaic ENISA](#)

[Cibir-Eoraip 2018 – Tuarascáil Iarbhirt](#)

Teagmhálacha:

Maidir le ceisteanna a bhaineann leis an bpreas agus le hagallaimh, téigh i dteagmháil le [press\(at\)enisa.europa.eu](mailto:press(at)enisa.europa.eu)

